Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Iúil 2023
(OR. en)

11652/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0221(NLE)**

MAMA 110
MED 17
EG 1

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 382 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú , thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht Arabach na hÉigipte i gcláir de chuid an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 382 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 382 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.7.2023
COM(2023) 382 final

2023/0221 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú , thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht Arabach na hÉigipte i gcláir de chuid an Aontais**

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile[1], síníodh é i Lucsamburg an 25 Meitheamh 2001 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2004.

D'fháiltigh Comhairle Eorpach an 17 agus an 18 Meitheamh 2004 roimh thograí an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh Beartas Comharsanachta Eorpach (BCE) agus d'fhormhuinigh sí conclúidí an 14 Meitheamh 2004 ón gComhairle[2].

Mar chuid de Bheartas Comharsanachta na hEorpa (BCE), tá cláir agus gníomhaireachtaí áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh á n-oscailt de réir a chéile do thíortha comhpháirtíochta BCE agus tá an méid sin ar cheann den iliomad beart chun athchóiriú, nuachóiriú agus aistriú a chur chun cinn i gcomharsanacht an Aontais Eorpaigh. Chuir an Coimisiún Eorpach tuilleadh leis an méid sin ina theachtaireacht i mí na Nollag 2006, Teachtaireacht maidir leis an gcur chuige ginearálta chun é a chur ar a gcumas do thíortha comhpháirtíochta Bheartas Comharsanachta na hEorpa páirt a ghlacadh i ngníomhaireachtaí Comhphobail agus i gcláir Chomhphobail[3].

D'fhormhuinigh an Chomhairle an cur chuige sin i gconclúidí an 5 Márta 2007 ón gComhairle[4].

De dhroim na Teachtaireachta sin ón gCoimisiún agus chonclúidí an 5 Márta 2007 ón gComhairle, d'eisigh an Chomhairle, an 18 Meitheamh 2007, treoracha don Choimisiún creatchomhaontuithe a chaibidliú leis an Ailgéir, an Airméin, an Asarbaiseáin, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Maracó, an Mholdóiv, an tSeoirsia, an Túinéis, an Úcráin agus Údarás na Palaistíne, maidir leis na prionsabail ghinearálta le haghaidh a rannpháirtíochta i gcláir de chuid an Chomhphobail[5].

I mí an Mheithimh 2007, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach[6] a ríthábhachtaí atá BCE agus d'fhormhuinigh sí Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ón Uachtaránacht[7] a cuireadh faoi bhráid chruinniú na Comhairle an 18 agus an 19 Meitheamh 2007 chomh maith leis na conclúidí gaolmhara ón gComhairle[8]. Meabhraíodh sa tuarascáil sin na treoracha ón gComhairle prótacail bhreise ábhartha a chaibidliú.

Sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le freagairt nua ar Chomharsanacht atá ag athrú[9], a formhuiníodh sna conclúidí ón gComhairle an 20 Meitheamh 2011, cuireadh i

---

1 IO L 304, 30.9.2004, lch. 39.
2 EUCO 79/14.
3 COM(2006) 724 final an 4 Nollaig 2006.
4 Conclúidí CGGCE (Comhairle um Ghnóthaí Ginearálta agus Caidreamh Eachtrach) an 5 Márta 2007.
5 Cinneadh (srianta) ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Prótacail a chaibidliú [...], Doic. 10412/07.
6 Conclúidí ón Uachtaránacht — an Bhruiséil, 21/22 Meitheamh 2007, Doic. 11177/07.
7 Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ón Uachtaránacht maidir le 'Renforcement de la politique européenne de voisinage' ['Beartas Comharsanachta na hEorpa a neartú'], Doic. 10874/07.
8 Conclúidí maidir le Beartas Comharsanachta na hEorpa a neartú, a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta agus Caidreamh Eachtrach) an 18 Meitheamh 2007, Doic. 11016/07.
9 COM(2011) 303 final an 25 Bealtaine 2011.

dtábhacht a thuilleadh intinn an Aontais éascaíocht a dhéanamh do rannpháirtíocht na dtíortha comhpháirtíochta i gcláir de chuid an Aontais.

Leis an mBeartas Comharsanachta Eorpach athbhreithnithe a leagadh amach i gClár Oibre nua an Aontais don Mheánmhuir[10] agus sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt an 16 Aibreán 2021[11], athdhearbhaíodh an intinn go n-osclófaí cláir de chuid an Aontais do chomhpháirtithe an Aontais i gComharsanacht an Deiscirt, agus go n-éascófaí an rochtain sin, agus go bhfeabhsófaí an comhar sa Taighde agus sa Nuálaíocht, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chomhlachas leis an gclár Fís Eorpach.

Go nuige seo, síníodh prótacail chomhchosúla leis an Ailgéir[12], an Airméin[13], an Asarbaiseáin[14], an tSeoirsia[15], Iosrael[16], an Iordáin[17], an Liobáin[18], an Mholdóiv[19], Maracó[20], Údarás na Palaistíne[21], an Túinéis[22], agus an Úcráin[23]. I mí Dheireadh Fómhair 2021, le linn an Choiste Comhlachais idir an tAontas agus an Éigipt, chuir an Éigipt in iúl gur spéis léi Prótacal a ghabhann le Creat-Chomhaontú a shíniú chun dul i gcomhlachas leis an gclár Fís Eorpach agus i dtaca le rannpháirtíocht iomlán b'fhéidir a ghlacfadh sí amach anseo i gcláir roghnaithe eile de chuid an Aontais.

Is é is cuspóir don Phrótacal na rialacha airgeadais agus teicniúla a leagan síos lena gcuirfear ar chumas Phoblacht Arabach na hÉigipte a bheith rannpháirteach i gcláir de chuid an Aontais. Níl feidhm ag an gcreat sin ach amháin maidir leis na cláir sin de chuid an Aontais a dtugtar ina leith, leis na gníomhartha dlí bunaitheacha ábhartha, an fhéidearthacht go mbeadh Poblacht Arabach na hÉigipte rannpháirteach iontu. Sa chreat cothrománach a bhunaítear leis an bPrótacal, leagtar amach prionsabail maidir le comhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil, maidir leis na módúlachtaí chun rannpháirtíocht in aon chlár áirithe de chuid an Aontais a bhunú (nó chun dul i gcomhlachas le haon chlár áirithe dá chuid) agus maidir le rannpháirtíocht na hÉigipte i rialachas Clár nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais. Fágann sé freisin go mbeidh Poblacht Arabach na hÉigipte in ann cúnamh a fháil ón Aontas Eorpach, go háirithe cúnamh airgeadais, chun páirt a ghlacadh sna cláir.

Na téarmaí agus coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht na hÉigipte i ngach clár ar leith de chuid an Aontais, go háirithe an ranníocaíocht airgeadais a bheadh le híoc ag an Éigipt mar aon le nósanna imeachta tuairiscithe agus meastóireachta, ba cheart iad sin a chinneadh trí chomhaontú idir an Coimisiún Eorpach agus údaráis inniúla na hÉigipte.

---

10 JOIN(2021) 2 final.
11 https://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement/news_corner/news/new-agenda-mediterranean-council-approves-conclusions-renewed-partnership-southern_ga
12 IO L 14/2 an 18.1.2017.
13 IO L 174/1 an 13.6.2014.
14 IO L 199/1 an 26.7.2016.
15 IO L 165/16 an 4.6.2014.
16 IO L 129/39 an 17.5.2008.
17 IO L 89/6 an 25.3.2014.
18 IO L 202/3 an 28.7.2016.
19 IO L 131/1 an 18.5.2011.
20 IO L 90/1 an 28.3.2012.
21 IO L 121 an 8.3.2021.
22 IO L 297/1 an 13.11.2015.
23 IO L 133/1 an 20.5.2011.

## 2. BUNÚS DLÍ

Is é Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí substainteach le haghaidh shíniú an Phrótacail. Is é Airteagal 218(5) de CFAE an bunús dlí le haghaidh an nós imeachta.

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Rannchuideoidh an Éigipt, le ranníocaíochtaí airgeadais, leis na cláir ina mbeidh sí rannpháirteach agus leis na costais ghaolmhara bhainistíochta, forghníomhaithe agus oibríochta faoi bhuiséad ginearálta an Aontais.

Na téarmaí agus coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht na hÉigipte i ngach clár ar leith, go háirithe an ranníocaíocht airgeadais a bheadh le híoc ag an Éigipt mar aon le nósanna imeachta tuairiscithe agus meastóireachta, cinnfear iad sin trí chomhaontú idir an Coimisiún Eorpach agus údaráis inniúla na hÉigipte, ar bhonn na gcritéar arna leagan síos ag na cláir lena mbaineann.

Má dhéanann an Éigipt iarratas ar chúnamh seachtrach ón Aontas chun bheith rannpháirteach i gclár áirithe de chuid an Aontais ar bhonn Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] nó de bhun aon Rialachán comhchosúil a ghlacfaí amach anseo lena ndéanfaí foráil maidir le cúnamh seachtrach ón Aontas don Éigipt, cinnfear i gcomhaontú maoiniúcháin na coinníollacha maidir le rialú na húsáide a bhainfidh an Éigipt as an gcúnamh seachtrach ón Aontas.

I ngach comhaontú arna thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 5, leagfar síos, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25], go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus an Chúirt Iniúchóirí rialú airgeadais nó iniúchtaí nó fíoruithe eile, lena n-áirítear imscrúduithe riaracháin, nó go ndéanfar faoina n-údarás iad.

Déanfar forálacha mionsonraithe maidir le rialú airgeadais agus iniúchóireacht, bearta riaracháin, imscrúdú agus ionchúiseamh, pionóis agus athghabháil lena dtabharfar don Choimisiún Eorpach, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, agus don Chúirt Iniúchóirí, cumhachtaí a bheidh coibhéiseach leis na cumhachtaí atá acu maidir le tairbhithe nó conraitheoirí atá bunaithe san Aontas.

## 4. EILIMINTÍ EILE

Tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, féadfaidh an dá Pháirtí athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phrótacail seo ar bhonn rannpháirtíocht iarbhír na hÉigipte i gcláir de chuid an Aontais.

---

[24] Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle, IO L 209, 14.6.2021, lch. 1.

[25] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

2023/0221 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú , thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht Arabach na hÉigipte i gcláir de chuid an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Meitheamh 2007, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún caibidliú a dhéanamh ar Phrótacal a ghabhfadh leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht Arabach na hÉigipte i gcláir de chuid an Aontais ('an Prótacal')[26].

(2) Tá an chaibidlíocht tugtha i gcrích.

(3) Is é is cuspóir don Phrótacal na rialacha airgeadais agus teicniúla a leagan síos lena gcuirfear ar chumas Phoblacht Arabach na hÉigipte a bheith rannpháirteach i gcláir áirithe de chuid an Aontais. Leis an gcreat cothrománach a bhunaítear leis an bPrótacal, leagtar amach prionsabail le haghaidh bearta comhair eacnamaíoch, airgeadais agus theicniúil agus cuirtear ar chumas Phoblacht Arabach na hÉigipte cúnamh a fháil ón Aontas Eorpach de bhun na gclár sin, go háirithe cúnamh airgeadais.

(4) Níl feidhm ag an gcreat a bhunaítear leis an bPrótacal seo ach amháin maidir leis na cláir sin de chuid an Aontais a ndéantar foráil, sna gníomhartha dlí bunaitheacha ábhartha, maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh Poblacht Arabach na hÉigipte rannpháirteach iontu. Dá bhrí sin, le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail, níl aon fheidhmiú cumhachtaí i gceist faoi na beartais earnálacha éagsúla a shaothraítear leis na cláir, noch a fheidhmítear agus na cláir á mbunú.

(5) Ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh agus ba cheart é a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach go dtí go gcríochnófar na nósanna imeachta a bhaineann lena thabhairt i gcrích,

[26] Cinneadh (srianta) ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Prótacail a chaibidliú [...], Doic. 10412/07.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht Arabach na hÉigipte i gcláir de chuid an Aontais, údaraítear leis seo an Prótacal sin a shíniú, thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail sin.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Ainmneoidh an Coimisiún an duine nó na daoine atá chun an Prótacal a shíniú, faoi réir a thabhartha i gcrích.

*Airteagal 3*

Cuirfear an Prótacal i bhfeidhm ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 10(2) de, ó dháta a shínithe, go dtí go gcríochnófar na nósanna imeachta is gá chun é a thabhairt i gcrích.

Foilseofar dáta shíniú an Phrótacail in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*